11 Feabhra 2020

San eagrán seo:

- Gaeloideachas ag Seasamh leis na Naíonraí
- Cúpla Ceacht Gramadaí ó GaeilgedonNaionra.ie
- Conas Tuismitheoirí Nua a Spreagadh
- ...agus Rud Amháin Eile!

Agóid na Luathbhlianta, 5 Feabhra 2020

na Luathbhlianta.

Bhí **slua de 30,000 duine** ar an iomlán ag Agóid na Luathbhlianta Dé Céadaoin seo caite, 5 Feabhra, Gaeloideachas agus neart naíonraí ina measc.

Táimid chomh buíoch agus bródúil as an tacaíocht ar fad a léirigh sibh - **fógraí tarraingteacha** a chruthú, taisteal go Baile Átha Cliath **ó cheann ceann na tíre**, agus **Gaeilge bhreá** a chloisteáil ar ard bhur gceann is bhur nguthanna.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le Conradh na Gaeilge as teacht amach le siúl linn chomh maith. **Ní neart go cur le chéile.**

Tá an tseirbhís seo chomh tábhachtach dár bpáistí, don oideachas in Éirinn agus don Ghaeilge, agus tá cothrom na féinne tuillte ag múinteoirí sna naíonraí!

Cúpla ceacht gramadaí ó GaeilgedonNaionra.ie

An mbíonn ceist agat riamh maidir le hinscne an ainmfhocail? An bhfuil sé firinscneach nó baininscneach? An gcuirtear séimhiú ag tús an ainmfhocail tar éis an ailt? An gcuirtear t roimh an s ag tús an ainmfhocail nó an bhfágtar é mar atá?

Mínítear na rialacha maidir le hinscne an ainmfhocail, na hathruithe tosaigh (an t-asal, an t-am, an mála, an bhábóg, an múinteoir) agus eile ar

Má tá suim agat breis rialacha gramadaí a fhiosrú nó dul siar ar chinn eile, tá físeáin an-úsáideach curtha le chéile ag Gaelchultúr ina ndírítear ar rialacha coitianta gramadaí (an t-ainmfhocal, uimhreacha, briathra agus go leor eile). Is féidir féachaint orthu ag an gcnaipe thíos.

Físeáin Ghramadaí ag Gaelchultúr

Sleamhnáin

rannpháirteach i saol an naíonra?

Tá go leor ullmhúcháin ar siúl sna naíonraí faoi láthair leis na páistí a bheas ag fágáil an naíonra le dul ar scoil i mí Mheán Fómhair a réiteach. Anuas air sin, tá naíonraí ag plé le tuismitheoirí nua a mbeidh a gcuid páistí ag tosú ar an naíonra den chéad uair i mbliana. Céard is féidir a dhéanamh le cinntiú go mbeidh na tuismitheoirí nua seo rannpháirteach i saol an naíonra agus céard a deirtear in Aistear agus Síolta, mar aon leis an taighde maidir lena ról?

Tá ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí maidir le tacaíocht ghníomhach a thabhairt don phróiseas sealbhaithe teanga, do luathoideachas an pháiste, agus d'fhorbairt an mhúnla tumoideachais i gcoitinne (Hickey, 1999: 96; Stephen et al., 2016: 111). Ní mór don naíonra deiseanna comhoibrithe a thapú leo ar bhonn rialta. Roghnaíonn tuismitheoirí naíonra dá bpáistí thar saghsanna eile réamhscoile agus léiríonn sé seo an dearcadh dearfach atá acu i leith na Gaeilge agus an tumoideachais. Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste (Aistear, 2009: 9). "Tá sé riachtanach go mbeadh caidreamh macánta, ionraic, urramach ann leis na tuismitheoirí má táthar chun leas an pháiste a chur chun cinn", dar le prionsabail Síolta (2006: 6) agus go mbeadh cur chuige gníomhach comhpháirtíochta ann (2006: 31).

Cuireann an múinteoir luathbhlianta tacaíocht ar fáil do na tuismitheoirí ionas gur féidir leo siúd tacú leis an bpáiste. Mar shampla, is nós é le roinnt naíonraí bileog leis na focail agus frásaí atá in úsáid sa naíonra ag am faoi leith a chur abhaile, nó na focail ó na rainn agus amhráin. Tugann naíonraí eile na leabhair atá á léamh sa naíonra ar iasacht le tabhairt abhaile. Cabhróidh siad seo leis na tuismitheoirí a thuiscint cad atá ar siúl sa naíonra agus cad atá á rá ag na páistí. Eagraíonn roinnt naíonraí cruinniú eolais roimh thús na bliana, ina míníonn siad an cur chuige atá i gceist maidir leis an tumoideachas, na polasaithe teanga agus oideachais luath-óige atá in úsáid acu agus an saghas tacaíochta atá ag teastáil uathu. B'fhiú go mór don naíonra na tuismitheoirí a threorú chuig na hacmhainní éagsúla atá ar fáil (aipeanna, cláir theilifíse, dlúthdhioscaí, físeáin, leabhair, suíomhanna idirlín) agus an bealach is fearr le leas a bhaint astu sa bhaile a mhíniú (Hickey, 1999: 105).

Seo a leanas cúpla rud eile a chabhraíonn leis an bpróiseas tacaíochta:

- Úsáid Gaeilge leis na tuismitheoirí chomh fada agus is féidir sa naíonra gach lá, mar shampla ag beannú dóibh, ag fágáil slán, srl.
- B'fhiú na tuismitheoirí a spreagadh le pé Gaeilge atá acu a úsáid lena bpáistí i dtimpeallacht an naíonra. Is féidir leo teacht ar fhoclóir agus frásaí úsáideacha in Déan Comhrá. Tá Gaschaint agus Bróga Nua an-úsáideach freisin.

thabhairt do pháistí ón naíonra teacht ar cuairt sa teach nó freastal ar imeacht Ghaeilge atá eagraithe ag leithéidí Glór na nGael, Mother Tongues, an leabharlann áitiúil, Tuismitheoirí le Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus eagraíochtaí eile.

- Tá leabhair, cláir theilifíse agus áiseanna eile ar fáil a thabharfadh tacaíocht don phróiseas sealbhaithe sa bhaile. Féach www.litriocht.com, www.cic.ie agus An Siopa Leabhar, Údar.ie agus siopaí eile.
- Eolas a scaipeadh faoi ranganna Ghaeilge agus ciorcail chomhrá sa cheantair.
- Imeacht Ghaeilge a eagrú i bpáirt le naíonra eile ag baint úsáide as an scéim Le Chéile trí Ghaeilge de chuid Gaeloideachas.

Tá an t-alt seo bunaithe ar ábhar atá ar fáil sa lámhleabhar Tumoideachas sa Naíonra. Is féidir é a íoslódáil thíos:

Íoslódáil Anseo: Tumoideachas sa Naíonra

...Cúrsa Garcahbarach Críochnaithe!

Cuir nasc anseo le rud gur fiú a lua ach a foilsíodh cheana b'fhéidir ar an suíomh, nó rud a bhaineann le heagraíocht eile.

Cúrsa Garchabhrach do Naíonraí, Eanáir - Feabhra 2020

D'eagraigh Gaeloideachas cúrsa garchabhrach do naíonraí trí mheáin na Gaeilge le Gearóid Oman agus Slán Sabháilte.

Rith an cúrsa seo ar feadh 3 lá ó Eanáir go Feabhra 2020 agus bhaineadar an-taitneamh as an gcúrsa!

Anois, tá siad cáilithe mar FAR (first aid responders) agus beidh an cháilíocht seo bailí ar feadh 2 bliana. Comhghairdeas leo! 👏

Más suim le do naíonra i gcúrsa mar seo, ar phraghas an-réasúnta, déan teagmháil le Gaeloideachas (eolas@gaeloideachas.ie) leis na féidearachtaí a phlé.

Slán Sabháilte

Cúrsaí do Naíonraí

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo